

Na hEalaíona

do Cheatharlach
faoi Bhláth

Ag Tógáil ar 26 Bliain de
Rannpháirtíocht agus Cruthú



Plean Straitéiseach na nEalaíon Cheatharlach 2025-2035

Réamhrá ón gCathaoirleach / ón bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin



Is cúis áthais do Chomhairle Contae Cheatharlach Na hEalaíona do Cheatharlach faoi Bhláth, a chur i láthair, an tríú Plean Straitéiseach Ealaíon atá forbartha ag Oifig Ealaíon na Comhairle. Leagann an plean deich mbliana seo amach creat soiléir chun tacú le fás, inrochtaineacht agus inbhuanaitheacht na n-ealaíon ar fud Chontae Cheatharlach.

Foilsíodh an plean seo tar éis tréimhse machnaimh agus anailíse, go háitiúil agus go náisiúnta, go háirithe mar fhreagairt ar thionchar na paindéime Covid-19 agus ar an tírdhreach daonraíoch, sóisialta agus eacnamaíoch atá ag athrú de shíor. Freagraíonn sé don ghá atá le cur chuige gníomhach agus oiriúnaitheach i bhforbairt na n-ealaíon i gcomhthéacs polaitiúil, comhshaoil, teicneolaíochta agus cultúrtha atá ag athrú.

Cuireadh fás suntasach i réimse na n-ealaíon agus na cruthaitheachta i gCeatharlach chun cinn trí infheistíocht leanúnach ó Chomhairle Contae Cheatharlach, ó Chomhairle Ealaíon na hÉireann agus ó chlár amhail Creative Ireland. Leanann an Oifig Ealaíon de thógáil ar a tiomantas fadbhunaithe don chleachtas comhoibríoch, rud a bhí ríthábhachtach i rath agus athléimneacht na n-ealaíon ar fud an chontae.

Ag féachaint chun cinn, táimid dírithe ar chomhpháirtíochtaí straitéiseacha a threisiú, go háirithe le Comhairle Ealaíon na hÉireann, trí ghaolta maoinithe fadtéarmacha, agus ar ár rannpháirtíocht leis na gníomhaireachtaí acmhainní náisiúnta a dhoimhniú. Go háitiúil, cuirfidimid leis agus cothóimid líonraí láidre le healaíontóirí, le heagraíochtaí cultúir, le grúpaí pobail agus le gníomhaireachtaí reachtúla a chuidíonn linn nuálaíocht agus cuimsiú a spreagadh i soláthar na n-ealaíon.

Aithníonn agus gabhann Comhairle Contae Cheatharlach buíochas le gach páirtí leasmhar a ghlac páirt sa phróiseas comhairliúcháin. Bhí a gcuid ranníocaíochtaí lárnach i bhforbairt na straitéise seo, a leagann amach fís shoiléir, uaillmhianach do thodhchaí na n-ealaíon i gContae Cheatharlach.

Comhairleoir Ken Murnane
Cathaoirleach

Coilín O'Reilly
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Fáilte

agus réamhrá ón Oifigeach Ealaíon



Imríonn Oifig Ealaíon Chomhairle Contae Cheatharlach ról ceannaireachta suntasach i bhforbairt áitiúil na n-ealaíon, agus tá sé treithrithe ag nádúr gníomhach agus cuimsitheach ár seirbhíse. Leagann an Plean Straitéiseach Ealaíon nua seo, Ealaíona do Cheatharlach faoi Bhláth, amach fíis shoiléir agus dhírithe don chéad deich mbliana eile — fíis a léiríonn an fuinneamh, an chruthaitheacht agus an spiorad pobail a fhágann Ceatharlach uathúil.

Le sé bliana is fiche anuas, tá an tSeirbhís Ealaíon léirithe mar sheirbhís fhísiúil, fhreagrúil, chomhoibríoch agus uaillmhianach i bhforbairt sholáthar ealaíon an údaráis áitiúil. Agus muid ag ceiliúradh 40ú bliain d'Oifigigh Ealaíon na nÚdarás Áitiúil in 2025, is tráth cuí machnamh a dhéanamh ar na ceannródaithe agus gníomhairí an athraithe sa réimse seo, agus breathnú chun cinn le fócas agus fuinneamh athnuaite agus sinn ag seoladh Plean Straitéiseach Ealaíon nua do Chontae Cheatharlach.

Tógann an plean seo ar láidreachtaí Cheatharlach: pobal ealaíne bríomhar, oidhreacht shaibhir chultúrtha, comhpháirtíochtaí láidre agus comhoibriú idir eagraíochtaí áitiúla agus náisiúnta. Aithníonn sé an tábhacht mhór a bhaineann leis na healaíona i dtodhchaí ár mbailte, ár sráidbhailte agus ár bpobal i ngach gné dár saol laethúil.

- **Ceiliúradh agus tacaíocht a thabhairt d'ealaíontóirí áitiúla**, agus do phobail chruthaitheacha, agus a ról lárnach i gcruthú thodhchaí Cheatharlach á aithint.
- **Tacaíocht do chleachtas ealaíne bunaithe ar an áit**, a léiríonn féiniúlacht Cheatharlach agus a chuireann pobail i gcroílár na hoibre cruthaitheach.
- **Comhtháthú na n-ealaíon i dtionscadail athghiniúna agus caipitil**, amhail athfhorbairt Bhaile Cheatharlach, agus spásanna á gcruthú a mbíonn daoine bródúil astu.
- **Obair dhlúth le grúpaí áitiúla, gníomhaireachtaí agus eagraíochtaí** chun naisc phobail a neartú agus chun deiseanna cruthaithí a chothú ar fud an chontae.
- **Ceannaireacht a dhéanamh i réimse na hinbhuanaitheachta agus na gníomhaíochta aeráide**, ailínithe le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na NA agus Cairt an Domhain agus Cairt na Cruinne, trí inbhuanaitheacht, cuimsiú, comhpháirtíocht agus nuálaíocht a fhréamhú inár gcuid oibre ar fad.out.

Leis an bplean seo, leanann Comhairle Contae Cheatharlach de bheith ag infheistiú sna healaíona mar phríomhghné den mhéid a fhágann gur áit iontach é an contae le cónaí, staidéar agus obair ann, cuairt a thabhairt air agus muintearas a bheith ann. Táimid tiomanta do rochtain ar na healaíona a thabhairt do chách — lena chinntiú go mbeidh cruthaitheacht in ann bláthú i ngach cúinne de Cheatharlach.

Is treochlár é Na Ealaíona do Cheatharlach faoi Bhláth don fhás, don chuimsiú agus don cheannaireacht sna healaíona — treochlár a thógann ar an am atá caite, a fhreagraíonn do riachtanais an lae inniu, agus a fhéachann chun cinn le muinín.

Aileen Nolan
Oifigeach Ealaíon Chontae Cheatharlach

An plean seo á thógáil



Ba thuras comhoibríoch é forbairt an phlean seo, tréithrithe ag idirphlé oscailte agus cuimsitheach lenár bpobal ealaíon bríomhar, leis na grúpaí éagsúla daoine atá ina gcónaí i gCeatharlach, agus le comhghleacaithe ar fud na Comhairle. In éineacht le grúpaí fócas d’ealaíontóirí, d’eagraíochtaí ealaíon, de ghrúpaí pobail agus de cheannairí na Comhairle, reáchtáladh deiseanna rannpháirteachais “pop-up” i spásanna poiblí, lena n-áirítear ionaid siopadóireachta agus leabharlanna, agus cuireadh suirbhé ar líne i gcúrsaíocht leathan agus seoladh é chuig grúpaí nár cloiseadh a nguth trí bhealaí eile.

Bhí na ranníocaíochtaí luachmhara agus na peirspictíochtaí éagsúla a fuarthas ó ealaíontóirí, ó eagraíochtaí ealaíon agus ó ghrúpaí pobail i rith an phróisis chomhairliúcháin rithábhachtach chun plean a mhúnlú a sheasann mar fhianaise ar an tiomantas comhchoiteann don ealaíon i gCeatharlach agus a léiríonn uaillmhian roinnte dá thodhchaí.

Leagann an Plean Straitéiseach Ealaíon seo amach tiomantas soiléir agus spreagúil: ní hamháin tacú leis na healaíona agus iad a chur chun cinn ach ardán láidir a thabhairt dóibh, dá n-ealaíontóirí agus dá lucht féachana. Tá sé dírithe ar thírdhreach cultúrtha bríomhar, athléimneach agus inbhuanaithe a chinntiú don chéad deich mbliana eile, ag cothú timpeallachta ina bhféadfadh cruthaitheacht bláthú agus saol gach duine i gCeatharlach a shaibhriú.

Tá an plean freagrúil don aiseolas saibhir a fuarthas ó pháirtithe leasmhara agus tá sé bunaithe ar shaol déimeagrafach, sóisialta agus eacnamaíocha Cheatharlach mar atá sé. Aithníonn sé freisin an ról dosháraithe atá ag na healaíona i dtodhchaí Cheatharlach mar chontae forásach, faoi bhláth agus fáilteach, agus cinntíonn sé go bhfanann cruthaitheacht mar phríomhláimhseán dár bhfolláine chultúrtha, shóisialta agus eacnamaíoch.

Cad a dhéanann Oifig Ealaíon Cheatharlach?

Déanann an Straitéis seo, forbartha in 2025, 26 bliain ó tháinig Oifig Ealaíon Cheatharlach ar an bhfód a cheiliúradh. Le linn an ama sin, d'fhorbair an oifig ó aonán dírithe ar thionscadail go seirbhís aibí, stiúrtha go straitéiseach, atá fite fuaite i bhfíochán ár gContae.



Déanann an Straitéis seo, forbartha in 2025, 26 bliain ó tháinig Oifig Ealaíon Cheatharlach ar an bhfód a cheiliúradh. Le linn an ama sin, d'fhorbair an oifig ó aonán dírithe ar thionscadail go seirbhís aibí, stiúrtha go straitéiseach, atá fite fuaite i bhfíochán ár gContae.

Ó 1999 i leith, tá Oifig Ealaíon Cheatharlach ina buncharraig d'fhorbairt ealaíne agus chultúrtha sa chontae, ag soláthar réimse leathan seirbhísí a chuidíonn leis na healaíona a fhorbairt, a chothú agus a chur chun cinn. Gach bliain tacaímid le healaíontóirí, le heagraíochtaí ealaíon agus le pobail ar fud an chontae chun páirt a ghlacadh sna healaíona, chun scileanna a fhorbairt agus chun saothar nua a chruthú go minic mar fhreagairt ar nó mar chuid de chomhthéacs a saoil, a n-áiteanna nó a gcúinsí agus chun é a roinnt le lucht féachana.

Léiríonn an réimse cuimsitheach seirbhísí a sholáthraíonn an Oifig Ealaíon a ról ilghnéitheach. Áirítear orthu seo scéimeanna maoinithe ríthábhachtacha, cláir rannpháirteacha nuálacha, comhpháirtíochtaí le comhghníomhaithe chun gníomhaíochtaí láidre comhforbartha áite a sheachadadh agus tionscnaimh cheannródaíocha éicea-bhunaithe, cláir ealaíne don tsláinte, scéimeanna dinimiciúla ealaíontóra cónaithe, agus tionscnaimh láidre ealaíon pobail. Léiríonn an rannpháirtíocht fhairsing seo tiomantas chun cur le fíodóireacht chultúrtha, eacnamaíoch agus shóisialta an chontae.

Cuirtear an obair seo i gcrích trí mhaoiniú comhpháirteach ó Chomhairle an Chontae agus ó Chomhairle na nEalaíon — agus tá sé riachtanach dúinn an dá shainordú sin a thuiscint agus a urramú mar chuid lárnach dár bhfeidhmiú.

Tá an Plean Straitéiseach Ealaíon seo ar comhchéim le Straitéis Cultúir agus Cruthaitheachta Cheatharlach, a chuireann uaillmhianta Chlár Éire Ildánach i bhfeidhm sa chontae. Bainistíonn an Oifig Ealaíon obair Éire Ildánach freisin, i gcomhthreo lenár gcuid oibre sna healaíona. Is tionscnamh teoranta ama faoi stiúir an Rialtais é Clár Éire Ildánach a bhfuil sé mar aidhm aige cruthaitheacht agus folláine a chur chun cinn i bpobail trí spiorad agus cleachtas na comhoibrithe agus an chuspóra chomhroinnte a chothú.

Trí rannpháirtíocht le pobail éagsúla ar bhealaí éagsúla scaoiltear fuinneamh cruthaitheach úr agus cothaítear comhtháthú sóisialta níos láidre. Dá bhrí sin, táimid uaillmhianach go leanfaidh an Plean seo de thionscnaimh ealaíne spriocdhírith, áitbhunaithe, a ghníomhachtú, tionscnaimh atá freagrúil ó thaobh cultúir de agus a fhreastalaíonn ar riachtanais agus ar leasanna éagsúla aoisghrúpaí agus pobail éagsúlacha. Cothaíonn comhoibriú domhain le grúpaí forbartha pobail áitiúla muinín chun eispéiris ealaíne ábhartha a chomhchruthú. Tá an cur chuige réamhghníomhach, spriocdhírith seo riachtanach chun rochtain chothrom a chinntiú agus chun lánacmhainneacht chultúrtha tírdhreacha daonra Cheatharlach atá ag athrú a úsáid go hiomlán.

CARLOW TIMELINE ARTS 1999-2025

1999

Ceapadh an chéad Oifigeach Ealaíon (Caoimhín Corrigan).

2001

Bunaíodh Amharclann Óige Cheatharlach. Bunaíodh an Grúpa Oibre don Ionad Taibh-ealaíon (roimh VISUAL).

2003

"The Barrow Book" le Stephen McKenna mar chuid de Visualise Carlow.

2000

Amharclann Óige Cheatharlach bunaithe

2002

Taispeántas "Hot Air" mar chuid de Visualise Carlow.

2004

Saothar buan ealaíne poiblí le Alan Counihan dar teideal "Vortex Flow".

2006

Scríbhneoir Cónaithe Bryan Delaney. Ceapadh Sinéad Dowling mar Oifigeach Ealaíon.

2007

Foilsíodh an chéad Phlean Ealaíon Cheatharlach 2007-2010.

2008

Gearrliostáladh Féile Scannán Afracach Cheatharlach do Ghradam an Chomhlachais Tráchtála Náisiúnta.

2005

Seoladh líonra forbartha gairmiúla Artlinks.

2009

Nochtadh saothar buan ealaíne poiblí le Eileen MacDonagh dar teideal "Medusa Tree" nuair a d'oscail VISUAL.

2010

Shelter Me From The Rain le Brian Irvine, ceoldráma do Cheatharlach.

2011

Taispeántas le Brian Duggan: tionscadal scátáil rolla.

2012

Tionscadal ealaíon sláinte meabhrach Open Windows i gcomhar leis an HSE.

2013

Seoladh Music Generation Carlow (€1.2m d'infheistíocht).

2014

Coimisiúnaíodh Emma Martin chun "Tundra" a léiriú, a cuireadh i láthair den chéad uair ag Féile Damhsa Bhaile Átha Cliath.

2015

The Dresser Project le Michael Fortune mar chuid d'Fhéile Bealtaine.

2016

Nochtadh Cuimhneachán 1916 i Muine Bheag.

2017

Seoladh an clár ealaíon rannpháirtíoch "Take A Part Carlow".

2018

Leathnú ar an gclár Scríbhneora Cónaithe i gcomhar le Coláiste Cheatharlach agus na Leabharlanna.

2019

Comóradh 40 bliain ar Fhéile Ealaíon Cheatharlach (léiriú Sugartown).

2020

Seisiún amhránaíochta Carlow Streams le linn COVID.

2021

Carlow Live & Local. Ceolchoirmeacha Cúraim COVID. Creative Places Muine Bheag.

2022

BOG – tionscadal ealaíon gnáthóga nádúrtha portaigh.

2023

Cuireadh Borris Lace Exchange i láthair go hidirnáisiúnta agus bhuaigh sé Gradam an Chomhlachais Tráchtála Náisiúnta.

2025

Ceapadh Aileen Nolan mar Oifigeach Ealaíon.

2024

Clár Ealaíon Erasmus Breaking The Patterns.


Cad is Ealaín agus Cruthaitheacht ann?

Is féidir ealaín a thuiscint mar léiriú nó mar chur i bhfeidhm scile cruthaitheach agus samhlaíochta an duine chun áilleacht nó mothúchán a chur in iúl i bhfoirm amhairc. Tugtar le fios in Acht na nEalaíon 2003 gur féidir leis na leaganacha sin ailtireacht, damhsa, scannánaíocht, litríocht, ceol, ceoldrámaíocht, filíocht, ealaín sráide, mórthaispeántais agus sorcas sráide, amharclann, ealaíona béil agus ealaín amhairc a áireamh; lena n-áirítear gach gné de chleachtas comhaimseartha na n-ealaíon, amhail taibhiú, beo-ealaín, ilmheáin, ealaín fhuaimne físeáin, etc.

Sainmhíníonn na Náisiúin Aontaithe cruthaitheacht mar an cumas smaointe nua a fhorbairt agus a chur in iúl. Is minic a nascann sí muid le daoine eile ar leibhéal mothúchánach agus spreagann sí gníomhartha a chruthaíonn athrú.

Cuireann muid na sainmhínithe seo i láthair mar réamhrá dár bhfís don Phlean Ealaíon seo. Le linn plé le páirtithe leasmhara, mhothaigh cuid acu gur téarma “scanrúil nó eisiach” a bhí in “ealaín”, nó gur rud é “nach mbaineann leo”. Níor theastaigh ónár bpobail go dtuigfí an ealaín mar ealaín ardchultúir nó traidisiúnta amháin, ach mar gach foirm chruthaitheachta.

Tá sé mar aidhm ag ár bhfís éiceachóras a chomhdhlúthú d’ealaíontóirí, de bhailte cruthaitheacha agus de ghrúpaí sa chontae, chun bealaí nádúrtha a sholáthar do dhaoine chun páirt a ghlacadh sna healaíona, cibé léiriú cruthaitheach nó paisean atá acu. Cuireann sé seo go mór le saol agus folláine an phobail. I gCeatharlach, mar shampla, áirítear lenár bpaisean ealaín shóisialta nó ealaín comhfhorbartha áite, tionscadail ealaíne éicea-shóisialta, agus ceirdeanna traidisiúnta amhail déantús lúbíní.



Intinn Straitéiseach

Leagann Plean Corparáideach Chomhairle Contae Cheatharlach 2024-2029 amach fíis shoiléir chuimsitheach do Cheatharlach mar 'Chontae dul chun cinn, faoi bhláth agus fáilteach', agus misean aige folláine a chur chun cinn agus caighdeán saoil a fheabhsú. Leagann Plean Eacnamaíoch agus Pobail Áitiúil Cheatharlach 2023-2029 amach thar thréimhse sé bliana na cuspóirí agus na gníomhartha atá riachtanach chun forbairt eacnamaíoch agus forbairt phobail agus áitiúil an limistéir údaráis áitiúil a chur chun cinn agus a thacú, agus é á dhéanamh go díreach agus i gcomhar le páirtithe leasmhara eile.



Tá tírdhreach leathan beartais ann go háitiúil, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, agus tá an Plean Straitéiseach Ealaíon seo bunaithe agus ailínithe leo, agus faoi threoir ag go leor díobh. Áirítear leis seo uaillmhianta an phobail dhomhanda do Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe

Aidhmeanna. Tá sé riachtanach cloí le agus comhtháthú a dhéanamh ar na huailmhianta tábhachtacha seo dár bpobal agus dár bpláinéad, chun maoiniú leanúnach a chothú, luach gach foirme ealaíne a léiriú, agus comhoibriú tras-rannóige a spreagadh i gComhairle Contae Cheatharlach.

Cuireann an Plean Ealaíon seo go díreach le cuspóirí straitéiseacha an chontae, rud a neartaíonn ár gcás maidir le hacmhainní agus tacaíocht pholaitiúil a fháil, agus a chuireann na healaíona i láthair mar ghníomhaíocht riachtanach don chontae. Cuirfear an Plean Ealaíon i bhfeidhm i gcomhthreó le pleananna na Leabharlann, na hOidhreachta, an Chultúir, an Phobail agus an Spóirt.



Ár gCuspóir


Tacaíocht, forbairt, éascú agus gníomhachtú na nEalaíon.

Tá an cuspóir seo, a cuireadh i gcruth trí chomhairliúcháin le páirtithe leasmhara, ag teacht leis an ról gníomhach, cuimsitheach atá ag Oifig Ealaíon Cheatharlach. Téann sé thar bhonn tacaíochta éighníomhaí agus cuireann sé béim ar rannpháirtíocht fhónta le gach gné den éiceachóras ealaíon ó chéim an chruthaithe go dtí an cur i láthair deiridh agus comhtháthú domhain sa phobal. Léiríonn an cur chuige dinimiciúil seo ár dtiomantas chun earnáil ealaíon atá bríomhar, freagrúil a chuir chun cinn.

Ár bhFís

Go bhfuil na hEalaíona á gceiliúradh agus go bhfuil meas orthu i gCeatharlach.


Táimid uaillmhianach maidir leis an bhfís seo agus í a lárnú i gcoírlár na Comhairle agus an chontae, agus Ceatharlach á dhéanamh mar áit chruthaitheach chun cónaí, cuairt a thabhairt uirthi, staidéar agus obair inti. Dearadh an fhís seo chun dul i bhfeidhm go díreach ar gach ealaíontóir, ar gach pobal cruthaitheach agus ar gach lucht féachana i gCeatharlach, agus chun mothú láidir muintearais agus aitheantais a chothú do gach léiriú cruthaitheach. Tá sé mar aidhm aici achomharc agus inrochtaineacht na n-ealaíon a leathnú ionas go mtháíonn gach duine go bhfuil a gcuid iarrachtaí cruthaitheacha aitheanta, luachmhar agus ceiliúrtha sa chontae.



Cuirimid ár bhfís i bhfeidhm trí:

Dheiseanna a chruthú don Ealaín Thraidisiúnta agus Chomh-aimseartha, do Ghairmeacha Cruthaitheacha agus do Phobail Ghníomhachtaithe.

Cuirfimid ár gcuspoir agus ár bhfís i gcrích trí:



Ár Luachanna Lárnacha

Tá na luachanna a threoraíonn Plean Straitéiseach Ealaíon Cheatharlach ailínithe go dlúth le prionsabail uileghabhálacha Phlean Corparáideach Chomhairle Contae Cheatharlach, rud a chinntíonn cur chuige comhtháite, comhsheasmhach i bhforbairt an chontae:



Cuimsitheacht: Tiomantas daingean go mbeidh na heispéiris ealaíon inrochtana, ábhartha agus fáiltiúil do gach pobal agus déimeagrafach ar fud Cheatharlach, ag glacadh le héagsúlacht shaibhir an chontae. Freagraíonn an luach seo don riachtanas gach cónaitheoir a bhaint amach, beag beann ar chúlra, féiniúlacht nó suíomh.



Comhoibriú: Tosaíocht a thabhairt don obair chomhpháirtíochta i measc ealaíontóirí aonair, eagraíochtaí ealaíon, grúpaí pobail áitiúla agus ranna eile den údarás áitiúil chun tionchar comhchoiteann a uasmhéadú. Aithnítear leis seo go mbaintear torthaí níos fearr amach agus iarrachtaí comhroinnte ar bun.



Nuálaíocht: Spreagadh don chleachtas ealaíon nua, teorainneacha cruthaitheacha a bhriseadh agus réitigh nuálacha a fhorbairt ar dhúshláin áitiúla trí mhodhanna ealaíon. Tiomáineann an luach seo smaointeoireacht fhísiúil agus réiteach fadhbanna trí chruthaitheacht.



Inbhuanaitheacht: Freagracht chomhshaoil, cothromaíocht shóisialta agus athléimneacht eagraíochtúil a chur chun cinn laistigh den earnáil ealaíon, lena chinntiú go bhfuil sí inmharthana san fhadtéarma agus go bhfuil tionchar dearfach aici. Cuimsíonn an tiomantas seo ról na n-ealaíon i gCeatharlach inbhuanaithe agus faoi bhláth a chothú.



Sármhaitheas: Caighdeán arda a chothú sa chleachtas ealaíon agus i seachadadh seirbhís ealaíon an údaráis áitiúil, ag tógáil ar oidhreacht na 26 bliana tosaigh agus ar thionscadail bhrataí Cheatharlach. Cinntíonn an luach seo go mbíonn tairiscintí ealaíon Cheatharlach den chaighdeán is airde.




Cuntasacht agus Trédhearcacht: Cumarsáid shoiléir, bainistiú freagrach ar chistí poiblí agus tionchar inbhraite trí chreat láidir monatóireachta agus meastóireachta. Cinntíonn sé seo muinín an phobail agus úsáid éifeachtach acmhainní.

Ár gColúin agus Ár nÓbair Straitéiseach

Seachas cuspóirí mionsonraithe, reatha nó comhfhorbartha áite, leagtar amach thíos cuspóirí straitéiseacha leathan ardleibhéil don tréimhse 2025-2035. Cruthófar pleananna cur chun feidhme agus pleananna gnó gach bliain, a aithneoidh uailmhianta don tréimhse atá romhainn. Beidh maoirseacht ar an bplean seo ag an gCoiste Beartais Straitéisigh um Fhorbairt Pobail, Caithimh Aimsire, Áiseanna, Spórt, Ealaíona, Cultúr, Leabharlanna, Músaem agus Oidhreacht, a gheobhaidh aiseolas tráthrialta ar chur i bhfeidhm an phlean.

Tá na cuspóirí seo ailínithe le Plean Corparáideach Chomhairle Contae Cheatharlach 2024-2029 agus comhtháthaíonn siad le beartais náisiúnta ábhartha ealaíon agus cultúir, lena n-áirítear straitéis reatha Chomhairle Ealaíon na hÉireann, Making Great Art Work, a nuashonrófar in 2026, mar aon lena mbeartas Paying the Artist.

Treoróidh trí phríomhcholún straitéiseacha obair Oifig Ealaíon Cheatharlach thar an gcéad deich mbliana eile, lena chinntiú go mbeidh cur chuige cuimsitheach agus tionchair i bhforbairt na n-ealaíon. Baineann na colúin seo le:



- 1 Cothú tallainne agus cleachtais ealaíne**
- 2 Rannpháirtíocht pobail agus saothrú lucht féachana**
- 3 Ceannaireacht agus inbhuanaitheacht a neartú.**

Cothú Tallainne agus Cleachtais Ealaíne




Díríonn an chéad cholún ar thimpeallacht thacúil a chothú d'ealaíontóirí ag gach céim dá ngairm, lena chinntiú gur féidir leo maireachtáil, obair agus bláthú i gCeatharlach. Bainfear torthaí dearfacha amach i rith 2025-2035 trí:

- Shruthanna maoinithe leanúnacha a dhaingniú chun tacaíocht a thabhairt d'ealaíontóirí nua agus bunaithe, lena n-áirítear sparánachtaí, cónaitheachtaí agus meantóireacht.
- Leanúint de dheiseanna rannpháirtíochta a leathnú, cláracha forbartha gairmiúla a chur ar fáil agus cumas a thógáil chun cosáin ghairmiúla ealaíontóirí a threisiú agus ceannaireacht agus comhghleacaíocht a spreagadh laistigh den phobal seo.
- Abhcóideacht ghníomhach a dhéanamh ar son pá cothrom agus íocaíocht chóir do gach rannpháirtíocht agus gach foirm ealaíne, agus na beartais seo a chur i bhfeidhm go praiticiúil.
- Mhalartuithe cultúrtha a éascú agus a chothú sa phobal, chun trasphailniú smaointe a spreagadh, éagsúlacht foirmeacha ealaíne a chur chun cinn, agus tuiscint fhrithpháirteach a dhoimhniú, lena n-áirítear tionscnaimh a chomhtháthaíonn ealaíona le heiceolaí-eolas agus gníomh aeráide.
- Iniúchadh a dhéanamh chun eolaire spásanna oibre ealaíne reatha sa chontae a chruthú, i dteannta cláir fadtéarmaigh chun spásanna oibre d'ealaíontóirí a bhunú le linn shaolré an phlean.
- Thacaíocht a thabhairt do bhailiú agus do rannpháirtíocht ealaíontóirí aonair agus grúpaí, chun deiseanna a ghníomhachtú do chomhghrúpaí agus cur ar a gcumas fás agus forbairt.

Colún 2


Rannpháirtíocht Pobail agus Saothrú Lucht Féachana



Díríonn an dara colún ar rannpháirtíocht sna healaíona a leathnú agus lucht féachana fiosrach, bríomhar a chothú ar fud Cheatharlach. Ní ceist margaíochta amháin é forbairt lucht féachana i gCeatharlach, is dúshlán casta, ilghnéitheach é atá fite fuaite le fachtóirí sóisialta agus eacnamaíocha, teorainneacha bonneagair agus dearcadh an phobail. Bainfear torthaí dearfacha amach i rith 2025-2035 trí:

- Leanúint de chláir ealaíon pobail-bhunaithe agus comhfhobartha áite a neartú, na hacmhainní a chur ar fáil go straitéiseach agus a leathnú, chun cuimsiú sóisialta, rannpháirtíocht idirghlúine agus tógáil acmhainne a chur chun cinn i bpobail a bhfuil bacainní rannpháirtíochta acu. Bunófar cur chuige struchtúrtha chun an taighde agus an fhoghlaím sa réimse seo a ghabháil agus a dhoiciméadú.
- Shaibhriú ar shaineolas Cheatharlach in éicea-lítearthacht agus i ngníomhú aeráide trí chláir nuálacha ealaíon a fhorbairt a dhéanann plé ar cheisteanna comhshaoil agus a spreagann smaointeoireacht chriticiúil i measc daoine óga.
- Rannpháirtíocht agus smaointeoireacht chriticiúil i measc daoine óga a spreagadh trí ár gcuid oibre leo sna healaíona a dhoimhniú, a nguthanna agus a gcruithaitheacht a chothú, agus éagsúlacht a chur chun cinn ó aois óg.
- Chaidreamh nua a chothú le scoileanna chun rochtain chuimsitheach ar oideachas ealaíon agus ar eispéiris ealaíne a chinntiú ar fud an chontae.
- Straitéis chomhoibríoch um fhorbairt lucht féachana i gcomhar le heagraíochtaí ealaíon sa chontae, a ghníomhaíonn agus a threisiúnn an fócas reatha ar rannpháirtíocht fhadtéarmach, ar chuireadh gníomhach agus ar an mhistéir a bhaint de na healaíona. Déanfar bacainní ar fhreastal a aithint agus réitigh nuálacha a lorg.

Ceannaireacht agus inbhuanaitheacht a neartú



Díríonn an tríú colún ar inmharthanacht agus tionchar fadtéarmach na hearnála ealaíon i gCeatharlach a chinntiú trí cheannaireacht láidir, comhpháirtíochtaí straitéiseacha, agus bainistíocht éifeachtach acmhainní. Bainfear torthaí dearfacha amach i rith 2025-2035 trí:



Infheistiú i straitéisí cumarsáide agus margaíochta feabhsaithe chun rannpháirtíocht agus trédhearcacht a mhéadú, ag úsáid scéalaíocht inspreamúil agus bealaí éagsúla chun gach déimeagrafach a bhaint amach. Áireoidh sé seo cláir a chur chun cinn, tuairisciú ar thionchair shóisialta agus eacnamaíocha agus chultúrtha tionscnamh ealaíon chun tairbhí nithiúla na n-ealaíon do Cheatharlach a léiriú, agus luach uathúil a fhorbairt chun tuiscint a neartú ar ról saineúil Oifig Ealaíon Cheatharlach.



Cheannasaíocht a ghlacadh i bhforbairt Beartais Ealaíon Poiblí do Cheatharlach agus tógáil ar an mbonneagar agus na córais tacaíochta chun é seo a sheachadadh faoin Straitéis Náisiúnta nua don Chéatadán don Ealaín.



Fhócas méadaithe ar rannpháirtíocht inmheánach le páirtithe leasmhara chun a chinntiú go ndéantar bearnaí a dhúnadh, cur chuige idirghníomhaireachta a chur chun cinn, agus gach deis a ghníomhachtú chun saincheistanna ar an talamh a réiteach, trí ár n-eolas, ár gcaidrimh agus ár n-ionsuiteacht sa phobal a roinnt.



Leanúint de cheannaireacht láidir i bhforbairt ealaíon áitiúil, ag gearáil ár saineolais. Áirítear leis seo abhcóideacht ar son na n-ealaíon laistigh de struchtúr an údaráis áitiúil, luach na n-ealaíon a chur in iúl d'oifigigh tofa, agus a dtábhacht sa tírdhreach polaitiúil a chinntiú.



Chinntiú go gcoinnítear agus go mbíonn ár ngaolta straitéiseacha inmharthana, lena n-áirítear leis an gComhairle Ealaíon, eagraíochtaí acmhainne náisiúnta, eagraíochtaí áitiúla ealaíon, agus earnálacha deonacha agus pobail áitiúla, chun deiseanna a uasmhéadú d'ealaíontóirí agus do phobail.




Thrédhearcacht agus cuntasacht a chinntiú i gcónaí i mbainistiú agus leithdháileadh acmhainní, lena n-áirítear athbhreithniú leanúnach agus feabhsú ar bheartais mhaoinithe agus critéir mheasúnaithe, agus úsáid tascairí meastóireachta bunaithe ar shonraí chun tionchar, raon agus cáilíocht na seirbhíse ealaíon agus forbairt ealaíon áitiúil a thomhas chun tacú le pleanáil agus abhcóideacht amach anseo.

Trí na moltaí seo a ghlacadh, is féidir le Comhairle Contae Cheatharlach a chinntiú go leanfaidh na healaíona de bheith ina bhfórsa dinimiciúil maidir le comhtháthú sóisialta, beocht eacnamaíoch agus folláine phearsanta, agus fíis na nEalaíon á ceiliúradh agus go mbeadh meas uirthi mar chuid de ghnáthshaol gach duine atá ag cur fútha i gCeatharlach.

Cur i bhFeidhm an Phlean

- Príomhthiománaithe Riachtanacha

Tá 8 bpríomhthiománaí riachtanach chun an Plean Ealaíon a chur i bhfeidhm go rathúil thar na gcéad deich mbliana eile. Oibreoidh an Oifig Ealaíon i gcomhar le comhghleacaithe sa Chomhairle chun acmhainní a chur ar fáil do pleananna bliantúla gnó a bhfuil méadrachtaí meastóireachta leo agus iad a sheachadadh.



Acmhainní
airgeadais

Comhpháirtíochtaí
straitéiseacha

Comhghuaillithe
leis an dearcadh
céanna

Líonra
cruthaitheach
gníomhachtaithe

Abhcóidí tacúla
ar an
gComhairle

Líonraí pobail a
bhfuil
acmhainneacht
agus eolas acu ar
abhcóideacht
agus gnóthaí
poiblí

Tacaíocht
phoiblí

Monatóireacht,
measúnú agus
athchóiriú
leanúnach.



Buíochas

Gabhaimid ár mbuíochas ó chroí leis na healaíontóirí, na heagraíochtaí ealaíon, na grúpaí pobail, agus na daoine aonair uile a ghlac páirt sa phróiseas comhairliúcháin don Phlean Ealaíon seo. Buíochas le comhghleacaithe i gComhairle Contae Cheatharlach agus leis an bhFoireann Cultúir agus Cruthaitheachta i gCeatharlach a thug a gcuid ama agus saineolais don phlean, agus leis na comhaltaí tofa de Chomhairle Contae Cheatharlach as a n-ionchur agus a dtacaíocht leanúnach.

Gabhaimid buíochas freisin lenár gcomhpháirtithe sa Chomhairle Ealaíon, sa Roinn Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt, Music Generation, Take A Part Carlow, KCETB, Seirbhísí Óige Réigiúnacha Cheatharlach, agus Creative Ireland.

Buíochas ó chroí le Rowena Neville ó Blue Line Consulting, a thug tacaíocht ghairmiúil don taighde, don fhorbairt agus don phróiseas comhairliúcháin a raibh an Plean Ealaíon seo mar thoradh air.





Seirbhís Ealaíon Cheatharlach:

Michael Brennan, Stiúrthóir Seirbhísí; Aileen Nolan, Oifigeach Ealaíon; Kelly Mooney, Cúntóir Oifigeach Ealaíon; Áine Donohoe Cúntóir Oifigeach Ealaíon; Caitríona Roberts, Oifigeach um Rannpháirtíocht le Pobail Chruthaitheacha, David Francis Moore, Comhordaitheoir Creative Places Muine Bheag. Buíochas speisialta agus gach dea-ghuí do Shíle Ní Dhálaigh agus í ar shos gairme. Gan a cuid blianta seirbhíse dílis, a cuid meantóireachta agus ceannaireachta, ní bheadh an tSeirbhís Ealaíon mar atá sí inniu.

An Coiste Beartais Straitéise um Fhorbairt Pobail, Caithimh Aimsire, Áiseanna, Spórt, Ealaíona, Cultúr, Leabharlanna, Músaem agus Oidhreacht:

Comh. William Quinn, Comh. Jim Deane, Comh. Fintan Phelan, Comh. Ben Ward, Aisling O' Halloran (PPN Pobail agus Deonach), Eileen Doyle (PPN Pobail agus Deonach), Trish Doyle (PPN Cuimsiú Sóisialta) Deirdre O'Connell (Fórsa).

Comhaltaí Tofa Chomhairle Contae Cheatharlach:

Comh. Andrea Dalton, Comhairleoir Fintan Phelan, Comh. Thomas Kinsella, Comh. John Pender, Comh. Fergal Browne, Comhairleoir John Cassin, Comh. Michael Doran, Comh. Andy Gladney, Comh. Ken Murnane, Comh. Charlie Murphy, Comh. Brian O'Donoghue, Comh. William Paton, Comh. William Quinn, Comh. Jim Deane, Comh. Paul Doogue, Comh. Daniel Pender, Comh. Adrienne Wallace, Comh. Ben Ward.

Foireann Bainistíochta Chomhairle Contae Cheatharlach:

Coilín O'Reilly, Príomhfheidhmeannach; Michael Brennan, Stiúrthóir Seirbhísí: Forbairt Pobail, Caithimh Aimsire, Áiseanna, Spórt, Ealaíona, Cultúr, Leabharlanna, Músaem agus Oidhreacht; Pádraig O'Gorman, Stiúrthóir Seirbhísí: Iompar, Comhshaol agus Gníomhú Aeráide, Tionscadail Chaipitil, Rialú Foirgníochta agus Seirbhísí Éigeandála; Paula O'Brien. Stiúrthóir Seirbhísí: Pleanáil, Forbairt Eacnamaíoch, Athghiniúint agus Seirbhísí Corparáideacha; Fiona O'Neill, Stiúrthóir Gníomhach Seirbhísí: Tithíocht agus Freagairt Dhaonnúil na hÚcráine; PJ Leonard, Stiúrthóir Airgeadais agus CICT.

Deartha agus maisithe ag Becky Hatchett - www.beckyhatchett.me

Seirbhís Ealaíon Chomhairle Contae Cheatharlach

F: +353 59 9170300

R: artsservice@carlowcoco.ie

Suíomh Greasáin: www.carlow.ie

Oifigí an Chontae, Bóthar Átha Í, Ceatharlach, R93E7R7 County

Buildings, Athy Road, Carlow, R93E7R7



COMHAIRLE CONTAE
CHEATHARLACH
CARLOW COUNTY COUNCIL

the arts
council
an chomhairle
ealaíon

funding
the arts